

SGÉILÍN

1

An Sionnach agus an tSiubhán Fhada luigh le cheile.

Luigh an Ghaedhilge síos leis an mBéarla.

Tugann saidhbhear is daibhear áird ar an ocras an tráth ghlaodhann sé. Níl aon rud có láidir comhachtach leis ar dhruim na cruinne nó is ar éigin é má tá. Ó thús aimsire go dtí anois féin tá an t-ocras ag cur daoine ar imirce ghá ruaigeadh as a dtíortha dúthchais agus ag cur d'fhiachaibh ortha áitreabh a dhéamamh i n-áitibh i gcéin thar sliabh nó thar fairrge. Tréigean daoine agus cineacha a ndúthchas ar fad leis an ocras a shásadh. Féach náisiún na státa Meireacá a bhfuil suas le céad milliún duine ionnta is cinnte nach é an Béarla is teanga dúthchais do níos mó ná dhá thrían aca. As Eúróip tháinigeadar agus iad taobh le Lochlainnais is nó Rúisis nó Gréigis nó Gaedhilge. Sé an t-ocras a bhrúigh as a dtíortha féin iad. Chuadar go Meireacá agus mbeidís sásta an béarla a labhairt ann, chuirfeadh an t-ocras an ruaig ar ais orthu. Sé an t-ocras chun bídh an t-ocras is mó ach is iomdha cineál ocrais ann thairis sin. Bíonn ocras ar dhaoine chun leathtrom a chur díob. Bíonn ocras ar dhaoineibh chun oiliúinte is eolas creidimh. Bíonn ocras orthu chun tabhairt suas uasal a thabairt dá gclann. Bíonn ocras orthu chun maoin a sholáthar. Bíonn ocras ortha chun eolais faoi dhúilibh nádúra, faoi thrádáil, faoi na h-ealadhanaibh, agus faoi cúrsaí poilitícha is rialtais. Bíonn ocras ar chuile dhuine chun caitheamh aimsire agus saoil socair. An-ocras ortha chun eolas d'fhágail is leigheas ar na hocraisí eile. Luigheann an t-ocras mór ar chuile aicme agus ar chuile dhuine nach bhfághainn leigheas air.

Na h-ocraisí eile ní mar a chéile iad. Tá cuid aca uasal agus cuid aca neamh-usal. Nílid chó coitchianta leis an ocras mór na chó láidir, ach ta siad chó laidir sin go dtréigtear tír agus dúthchas mar geall orthu.

3

An mian chun caitheamh aimsire agus saoil socair an mian is coitchianta a measg daoine. Is mian le daoine nuaíocht amháin agus sgéalaíocht nó leightheoireacht. Sórt caitheamh aimsire seadh na nuachtáin laethiúla, agus cuirmeacha ceoil, agus drámanna, agus na h-úir sgéalta. Tá an mian so chun caitheamh aimsire chomh laidir i ndaoineibh na h-aoise seo go bhfoghluimeochaidís teanga nua muna mbeadh díol a n-ocrais le fágail ina dteanga féin aca. Is mian le muinntir na linne seo eolas d'fhágail faoi chuile sort nidh. Muna mbíonn an t-eolais le fáil acu teanga dúthchais is measaide an teanga a t-easnamh. Thréig na milliúin daoine an Ghaedhilg ar na mbrugh amach as Éirinn dóibh ag an Ocras Mór. Na milliúin nár bhrugh an t-ocras mór as an tír seo thréigeadar an Ghaedhilg ar adhbhar eile, ach thréigeadar í, agus cé gur bocht an éadail ag cuid aca an Béarla in a háit is measaide an

Ghaedhilg an tréigsint, agus tá muid indiu sa riocht so nach bhfuil díol ar mianta nó ar n-ocraisí san nGaedhilg againn.

4

Sin é is toirmeasg don teangaidh, ní úsáightear í. Is searbh í an fhírinne ach dhá sheirbhe í is fearr de sinn a chlos go minic agus go soiléir. Níl caitheamh aimsire le fágghail san nGaedhilg nuaíocht, nó amhráin nó sgéalaíocht. Ní féidir oideachas nó sgoilíocht d'fhágghail tríd an nGaedhilg. Ní féidir aon chéird níos deacra ná tailliúrachd d'fhóghluim tríd an nGaedhilg. Ní féidir tradáil a dhéanamh tríd an nGaedhilg. Ní féidir le Caitiolaicí Éireann eolas iomlán a chur ar a gcreideamh tríd an nGaedhilg. Má bhír taobh le Gaedhilg ní thiocfaidh leat muc a dhíol ar aonach i nGaillimh gan congnamh an Bhéarlóra. Má bhíonn spéis agat i bpoilitíocht níl tada le léigheadh san nGaedhilg agat.

5

Ní troimide ceann eolas ach ní h-éadtruime ceann easpaidh eolais ar an nGaedhilg de réir cosúilíocht. Ní chuireann easpaidh eolais ar an nGaedhilg as do dhuine sa gcéad de mhuintir na tíre seo ar aon bhealach. Is féidir leo gach ocras nó mian dá mothuigheann siad do shásadh gan Ghaedhilg. Sin é an riocht a bhfuil an Ghaedhilg faoi láthair. Níl sí ag teastáil ó aicme ar bith is féidir leo dul chun cinn dhá h-uireasbha agus táid ghá dhéanamh sin. Anois ní féidir le dream ar bith dul chun cinn gan Béarla. An dream a bhfuil díth Gaedhilge ortha ní dochar dóibh é. Ní airightear dóibh gur easnamh ortha é. Ní céim siar sa saol dóibh é. Thig le duine bheith ina dhochtúir san nGaeltacht gan Gaedhilge aige, bheith ina Atornae gan Gaedhilg, bheith ina sagart gan Gaedhilg, ina shiopadóir achfuinneach gan Gaedhilg.

6

Fiú an Gaedhilgeora le n-ar mian eolas a chuir ar litríochta a chine ní thiocfadh leis stair na litríochta soin d'fhágghail as Gaedhilg. Ní mór dó leabhra Béarla a chuartú más mian leis bheith ina sgoiláire Gaedhilge.

Tá an sgéal go holc ag an teangain agus beidh an sgéal go holc aice nó go mbidh díol nó sásadh ar miantaí nó ar n-ocraisí le fágghail san teangain. Beidh sí ag tuitim i n-ísligh bhrigh nó go mbidh sí có saidhbhear sin nach mbeidh sé ar chumas íseal nó uasal, daoí nó saoi, ceárdaí nó sglábhaí, cúl a thabhairt uirthi gan bheith bocht da bhárr. Beidh an Ghaedhilg gá tréigeann nó go mbeidh leigheas aice ar an n-ocraisí, leigheas nach mbeidh le faghail in aon teangain eile. Na h-ocraisí nó mianta a luadhas ar ball airightear ag an gcoitiantacht iad. Ach tá mian eile a airightear ag go leor nár luadhas fós.

7

An mian chun naisiúntacht nó an dúil a tá againn in ar ndúthchas agus in ar n-athardha. Tá seasamh na teangan ar an dream a bhfuil an mian sin go láidir ionntas ortha a tá fóirthint nó tarrtháil na Gaedhilge agus tuigtear dóibh nach n-eireochaidh leo a ndúthchas agus a n-athardha a tharrtháil gan an Ghaedhilge a tharrtháil freisin. Má tuigtear sin dóibh agus go dtuigtear nó mór doibh stáit agus sláinte na teangan do bhreathnú go grinn agus féachaint céard is cor dí. Ní labhartar ach ag dream beag daoine í agus ní heol do mhórán de'n lucht léighinn í. Dá mba go mbeadh an Gaedhilg ag furmhór Gaedheal Éireann, ghá labhairt aca

coitchianta, thiocfadh sí aníos go réidh, bíodh an luch leighinn ina n-aghaidh nó ina bhfabhair.

8

Bhí tráth ann agus bhí dhá theangaidh in úsáid in gach tír sa Eúróip, an teangan dhúthchais agus an Laidin. Bhí an teanga dhúthchais ag an bpobal ghá labhairt amuich agus istigh aca ach an lucht leighinn, ba fuath leo an teanga dúthchais. Feach Adhnan a sgríobh beatha Coluim-Cille sa Laidin. Ach chuaidh an Laidin i léig leis an aimsir agus bhorruigh na teangacha duthchais aníos go bhfuadar greim ar na scoláirí agus ar an lucht leighinn féin. Tá an Ghaedhilg san riocht anois nach bhfuil sí ag an gcoitchiantacht féin ach ag dream beag aca. Tá sí chomh lag nach mbeidh sé ar chumas lucht labhartha na teangan í a thabairt aníos i measg lucht leighinn mó iachall a chur ar lucht léighinn an Béarla a thréigsint agus an lucht leighinn féin is deacra an Béarla a thréigsint mar sé an Béarla teanga an coitchianta.

9

An dream beag a bhfuil seasamh na Gaedhilge ortha céard is indéanta dóibh agus an sgéal chó dona is atá. Caithfeadh siad an teanga a saidhbhriú san gcaoi nach dtiocfaidh le lucht léighinn nó leis an gcoitchiantacht cúla thabhairt uirthi. Céard is saidhbhreas teangan ann? Atá nua sgéalaíocht, stair an chine agus an domhain, Filidheacht, Feallsamhnacht, an Bíobla agus litríocht creidimh, agus litríocht poilitíochta nó an cineál litríocht ar a dtugtar ealadhain poilitíochta no Political Science. Ní féidir nuaíocht dfhaghail gan comhaireamh.

Ní bhacfad anois mórán leis an bfiór litríocht - filíocht, sgéalaíocht, agus an léightheoracht a bhaineas leo. Na rudaí is mo a bhaineann caint as na daoine, caint sgríobhtha, caint labhartha, poilitíocht agus imtheachta agus siad is mo a gcuireann an pobul spéis ionntu.

10

Roinn mhór den litríocht seadh litríocht phoilitíochta. Tuigtear í don coitchiantacht agus craobhsgaoltar í i leabhra, in irisleabhra, in imleabhraibh agus ar na nuachtánaibh laethuala is seachtnúla. an Státtaire nó an Ceannaire a dhéanann óráid cuireann sé leis an an litríocht seo. Tá baint aice leis an saol mór, agus le cúrsaí an náisiúin, le cúrsaí rialtais agus cogadh le cúrsaí dligheadh agus cáineach, le cúrsaí lucht oibre, lucht comhair, lucht cumanachta, le haghaidh cogadh is síothcháin, le himtheachta, na tire uile. Sí an rud is mó i mbeo-litríocht gach tíre í. An chuid is mó de na leabhra beag is mór dá bhfoillsightear céis moite de na húr sgéalta, cuireann siad leis an litríocht seo na Politíochta.

11

An fear a léigheann príomh-aiste ar an nuachtán maidne, dá n-abarthá leis go raibh sé ag déanamh staidéar ar litríocht poilitíochta leigfeadh sé a sheansgairt gaire as. Ach sí an fhírinne í gurbh í an litríocht seo an saidhbhreas is fairsinge, is beotha agus an saidhbhreas is mó a sanntuighthear in gach teangan. Tá an saidhbhreas seo in-easnamh ar an nGaedhilge. Breathnuighthear an saidhbhreas seo i dteangthacha eile. Is eol do lucht léigte staire, go sgaoltar mórán cainte roimh gach athrú mór chun an-pobal do ghríosú is d'oilíúint. Is le caint a ghríosuithear daoine chun gnímh is gaisge. Na cainteoirí is na sgríbhneoirí cliste deis

bhéalach binnfhoclach siad a chruinnigheann an comhacht chuca féin agus a bhaineann dá gcosa na righthe agus na rialtaisí agus an lucht leathroma.

12

Thárla a leitheid seo i Meireacá roimh caitheamh amach don tSasanach. Thárla a leitheid san bFrainnc roimh an athrú mór agus le n-a linn. Thárla an rud céadna i n-Éirinn roimh bliain a sé déag agus go minic roimhe sin. Luadhaim cás na Frainnce anois mar shompla den litríocht phoilitíochta agus ní mar shompla de stáit na teangan san tír sin mar ní raibh an Fhrainncis ariamh leis na ciantaibh comh mór isligh brigh is a tá an Ghaedhilg faoi láthair. Is eol dúinn céard ba cor do mhuintir choitchiantach na Frainnce le céad bliain roimh an Athrú Mór. Bhíodar ag dul i mbochteanacht leis an aimsir agus a leathrom ag dul i méad. Bhí oidhreacht den olcas is den éagcóir aca agus gan leigheas aca air. Bhí na milliúin aca ann a raibh an t-Ocras Mór á aireachtáil aca ó Luan go céile

13

Bhíodar gan chomhacht i gcursaí rialtais agus gan ceart i gcúrsaí dligheadh. Ba é an chuid ba mheasa den sgéal narbh eol do na daoine a dhonacht is bhíodar, gur thug na sgríobhneoirí léargus doibh. “Dá gcuirtí i mo leith gur ghoideas Árdteampull Notre Dame ní chreidfídh uaim san gcúirt nach ndearnas a leitheid” ar sgríobhneoir aca. “Beirtear an duine i saoirse ach ní féidir fear d’fhágáil gan slabhra na daoirse air”, ar duine eile aca. “Is ceart go mbeadh daoine ar aon cothrom agus go measfaidhe iad de réir a saothair. Siad na huaisle na leisgtheoirí” ar duine eile aca.

14

Ba leis an litríocht poilitíochta a cheap agus a chraobhsgaol na sgríobhneoirí a ghríosúigheadh an pobul. Sórt caitheamh aimsire agus árdoiliúnt litríocht na Frainncise roimhe seo, drámaí, filíocht, sgéalta, le grádh don litríocht agus don áilne a chlaoídh na hughdair leithe. Bhí a mhalairt de chuspóir curtha rómpa ag Voltaire, Montesquieu, agus Rousseau agus a lucht leanúna. Theastuigh uatha leas an phobail mar bhfacthas dóibh féin é a chuir chun cinn agus ba gléas troda aca an lithríocht chun a dhéanta sin. Dhírígheadar a n-inntinn ar leathrom is bochtanas na ndaoine ar tíorántacht is rachmullacht na h-uaisle ar mhí chneastacht is cluiníocht lucht rialtais, ar an útamálaidhe ríogh, ar mí chothrom an dlighe.

Bhí na huaisle agus an lucht saidhbhris oilte go maith san tsean –chineál litríocht agus ghoin an nua litríocht go haé iad agus maidir leis an sluagh bhí an nua litríocht cho blasta sin dóibh go mbíodh bocht is nocht ghá léigh, go dtí go raibh Náisiún na Frainnce tré theine mar dearfá, go dtí go raibh na huaisle ag crith ina léinteacha, go dtí go raibh na sgríobhneoirí níos comhachtuigh ná lucht ceannais ainm an Ríogh. Ní mian liom anois an litríocht soin do mholadh ná do mheas. Tá obair den tsórt sin thar mo chumas ach is mian liom an cineál soin litríocht a chur as bhur gcomhair mar shompla den saidhbhreas a tá de dhíth ar an nGaedhilg. An síol a chur na sgríobhneoirí úd tháinig toradh air ar fud na h-Eorpa agus níl an barr feochta go fóill. Má breanthuighítear litríocht Frainncise an lae indiu cidhfear gurbh í an litríocht poilitíochta an cuid is luachmhaire dí ar bhealach.

Siad na sgríbhneoirí is fearr a sgríobhann ar na nuachtáin agus a thugann comhairle don phobal agus a threorúigheann iad. Níl ceist dá n-eirighenn nach bhféachtar le n-a bhfuascailt agus ní ceim síos do na hughdar is mó aiste a fhoillsiú ar pháipéar an tráthnóna agus tá toradh ar an nós so. Níl litríocht poilitríocht cho beo, bríoghmhar nó chó huilte in aon tír eile.

Canada 50, 000 3 ½ milliúin

U S A Franklin-roimh an gcogadh

Hamilton ina dhiaidh

Irish Spanish Gaedhilge

Swift Grattan Tone, Ó Conaill, Davis lucht 48

Dr Matthew, Árdeasbog Mac hEil

Ó Gríofa, A E, Yeats, an

Piarsach

Dá mba mhian le duine eolas d'fhágáil ar cén smaoineadh nó policy a bhí ag Ó Gríofa nó ag Dev ní bhfuigheadh sé trácht faoi san nGaedhilg. An t-aon agallamh no interview a thug Dev as Gaedhilge is mise féin a sgríobh is a d'foillsigh é

Is anuas a thiocfas an Ghaedhilge

Stair i nGaedhilg

Beatha fear mór

Poilitíocht agus gach a bhainfeas le rialtas,

óráideacha.

An Eaglais.

Tá tír bheag eile ina labhartar an Frainncis. Quebec i gCanada tá i gceist agam. San mbliain 1760 bhí 50, 000 Franncach san tír seo. Tugadh an chóilíníteacht faoi smacht Shasana agus, an rud is annamh is íonghantach, d'fhág Sasana cúram an oideachais faoi na Franncaí féin. Ní raibh mórán cur isteach ortha ó mhuintir timcheall ortha go dtí gur díbrigheadh na Sasanaigh as Státaibh Mheireacá. Tugadh 40, 000 Sasanaí as na Státaibh an t-am soin agus planndáileadh iad in Ontario agus o shoin i leith tá coinbhliocht idir an dá theangain, lean na Franncaí dá dteangaidh féin agus bhíodar ag dul i líonmhaireacht leis an aimsir. Beagán le céad bliain ó shoin thosaigh Franncuigh Qucbec a bheith ag éalamh a gcirt ar an Sasanach ach ní tháinig sé ina n-inntinn ariamh an Béarla a thabhairt i gcursaí poilitíocht.

Na sgríbhneorí agus taoisigh leanadar don Frainncis go dtí go raibh an pobal griosuighthe aca. Thuig an Sasanach go maith céard a bhí ar siubhal agus ruaig sé ar taoisigh an tír

amach. Ortha so a ruaigeadh bhí fear darbh ainm dó Papinean. Óráidithe oilte cliste. Bhí a chuid óráideacha chomh breagh sin go léightear fós go coitchiann iad. Bhí fear eile aca an t-am úd a sgríobh stair na bhFranncach i Meireacá agus níor taithneamhaighe an Céitinneach i measg Gaedheal ná an stair sin i measg na bhFranncach. Bhí sgéalaidhe aca a léirigh saoghal na tuaithe agus file a chan imeachta an chine san domhan thiar. Tháinig de thoradh ar an obair úd go bhfuil 3 ½ million daoine a labhrann an Fhrainncis agus gCanada indiu.

19

Labhartar an Franncais i bhfeis Quebec agus in n-Ardfheis Canada, agus foillsigtear na nuachtáin laethúla san bhFraincis i gcathair Montreal. Is Franncach de réir bhunaidh agus teangan Bourassa, an naisiunaidhe is ní i gCanada indiú.

Ó thús go dtí indiu bhí cúrsaí oideachas faoi chúram na h-eaglaise agus níor leig na bráithre don Bhéarla teacht in uachtar ariamh ins na sgoileanna. Tuigtear dóibh is dócha an fhírinne a thuigeadh. D'Ardeasbog Mac Eil, an fhirinne a leigeadh ar ceall i nÉirinn. Is láidre an Frainncis i Quebec ná an Ghaedhilg i nÉirinn.

20

Tá an sgéal ag éirighe fadálach agam ach b'áil liom sompla eile den litríocht poilitíochta a luadh. An t-am a cuireadh an Sasanach as na Státaibh, bhí ceithre nó chuig cinn de teangacha a labhairt sa tír sin. An Fhranncais, an Spáinnis an Ollandais, an Ghaedhilg. Dubhradh i bParlarmint Baile Átha Cliath le linn cogaidh na saoirse i Meirceá gur mó an Ghaedhilg ná Béarla a labhradh ag arm Washington. Cé'n chaoi ar tháinig an béarla i n-uachtar? Na sgríbhneoirí agus na státaí a ghríosaigh an pobul ba Bhéarlóirí iad. Franklin an sgríbhneoir is mó bhi aca roimh an gcogadh. Is i mBéarla sgríobh sé. Tar eis don cogadh le Sasana bheith thart d'éirigh easaontas i measg na Meireacánach féin agus leis na trí stát déag i n-éadan a chéile ar feadh tréimhse fhada.

21

Budh é Alexander Hamilton a thug le chéile iad. Sgríbhneoir cumasach a bhí ann agus sgrúduigh sé cúrsaí rialtais ó bhun go bárr do na Meirceánaigh. Ní raibh aon státaire ná sgríbhneoir eile i ngar ná i ngaobhar nó i ngaois nó i n-eolas. Tá a chuid leabhair mar bheadh bíobla ag Meireacánaigh an lae indiu féin. Rugadh é ar oileán beag ins na hIndiacha Thiar ach is as Béarla a hoileadh é agus chlaoideh sé le Béarla san méid a sgríobh sé. Is as Béarla a craobhsgaoil seisean agus Franklin soisgéal na saoirse san Oilean Úr agus tháinig an Béarla i n-uachtar dá bhárr sin. Lucht labhartha gach teangan eile a raibh spéis san saoirse b'éigean dóibh Béarla na beirte seo a leigheadh. Is ann a fuaradar leigheas ar a n-ocras.

22

Ní mór dom mo theagasg a thabhairt chun baile. Tá ocras chun na saoirse ar Phobul na hÉireann le ós cionn céad bliain. Ba Ghaedhilgeoirí furmhór ár ndaoine céad bliain ó shoi. Wolfe Tone an smaointeoir is mó a d'éirigh i nÉirinn de réir mar mheas Davis.

Chraobhsgaoil sé a shoisgéal i mBéarla. O'Connell an Gaedhilgeoir dúthchais agus an ceannaire ba mó gradam dar mhair ariamh i nÉirinn, chaith sé an gaedhilg i leath taobh.

Davis a thuig an sgéal go beacht. Níor chleachtaigh sé an Ghaedhilg agus níor fhéad aon Ghaedhilgeor cúl a thabhairt ar Davis tá a smaointe agus a oideannaí chomh breagh soin. Bhí peann oilte cliste ag an Mistéalach ach mo léan, níor fhliuch sé i ndubhach na Gaedhilge ariamh é.

23

Níor bhfearr Parnell ná Davitt ná ceannairí a chuaidh rómpa.

Tháinig an n-aimsir féin agus is eol dúinn ar dteagasgthóirí Art ó Gríobhtha, Seoirse Ruiséul, agus árd chuid eile acu. Béarloirí uile iad. An Píarsach féin, leann sé don Ghaedhilg i gcúrsaí poilitíocht ar feadh aon tseachtain déag san mbliain 1912 san mbarr buadh agus chaith sé uaidh annsin í. D'iompuigh sé ar an mBéarla ach ní dóigh liom gur sháruigh sé i mBéarla an méad a sgríobh sé ar an mbárr buadh. Ba é an sgéal céanna é ag Eoin mac Néill agus ag De Valera. Thug De Valera agallamh nó interview uaidh as Gaedhilge sé bliana ó shoin. Mise fein a sgríobh síos agus a d'fhoillsigh an tAgallamh sin.

An Gaedhilgeoir a raibh spéis san saoirse aige le cead bliain anuas, b'éigin dó dul go dtí an Béarla. Ó aimsir Tone anuas go dtí indiu níor foilsigheadh policy nó soisgéal as Gaedhilg.

Tugadh teagasg na saoirse ar fad as Béarla. Is i mBéarla a sgríobhadh an litríocht phoilitíocht le linn an ama soin. Is mó an dochar a rinne an litríocht sin don Ghaedhilg ná dlighthe Shasana agus sgoltacha Whately le chéile. Na mílte a d'foghluim an Ghaedhilge ó cuireadh Connradh na Gaedhilge ar bun ní raibh teagasg poilitíocht le fágháil aca as Gaedhilg. B'éigin dóibh an Béarla a tharraingt chuca aríst. Siad ár gcinnirí ó thús deine a bhí failligheach i dtaobh na teangan. An iomarca fuadair a bhí fútha agus nílim cinnte nar bhfearr dóibh foighid a ghlacadh agus an Ghaedhilg dfhoghlum agus an pobul a theagascadh tríd an teangaidh nár thuig an Sasanach. Níorbh fhearr lucht na h-Eaglaise ná na státairí. Bhí faill ag an athair Maitiú an sagart a bhíodh ag teagasg in aghaidh ólacháin agus leig sé thairis é.

25

Sheas an tÁrdeaspag mac Éil ar thaobh na Gaedhilge ach ba cuaille caol san bhfál é. Bhí sé ar chumas na sagart an Ghaedhilg a tharrtháil am ar bith le céad bliain. Tá sé ar a gcumas fós a teangan a chonneál ó bhás dá mba mhian leo é. I gcoláiste Maighe Nuadhat indiu ní múintear oiread agus aon adhbhar léighinn amhain tríd an nGaedhilg. Muna n-iompuigheann lucht na saoirse no muintir na hEaglaise ar taobh na Gaedhilge agus muna gcuireann siad uatha an Béarla níl aon rud i ndán don Ghaedhilg ach an bás, bás gan tapadh. Má iompuigheann na ceannairí ar an nGaedhilg ní baoghal go mbeadh cluas bodhar ar an bpobul dóibh. Má nochtuighear oideam fiúntach ar Gaedhilg gheobhfar amach é. Tá aghaidh lucht léighinn tugtha beagán ar an nGaedhilg le goirid agus tá aigne lucht oideachais leagtha as an nGaedhilg beagán. Tiocfaidh an Gaedhilg anuas uatha i measg na ndaoine aríst.

26

Is anuas a tháinig an Béarla ón lucht léighinn agus ó na sagart agus ó sgríobhneoirí is ceannairíbh. Tiocfaidh an Gaedhilg anuas ar an mbealach céadna má fhéachamuid faoi. An

duine ocrach teidheann sé ar lorg bidh san ait a mbíonn an biadh. An lucht lorgtha eolais rachaidh siad go dtí an Ghaedhilg má tugtar an t-eolas tríd an Ghaedhilg. Má bronnar saidhbhreas as an nGaedhilg, mairfidh sí beo bríoghmhar má fágtar an saidhbhreas ar fad-ina hoideamaí, na smaointe-ag an mBéarla gheobhfaidh an Ghaedhilg bás. Tiocfaidh ciall dúinn luath nó mall. Deich mbliana fichead ó shoin cuireadh Conradh na Gaedhilge ar bun. Bhí Éire lag lúbach an t-am úd ach chuir an Conradh ar a cosaibh arís í. Tá Éire in-anriocht indiu. Cá bhfios dúinn nach bhfuil sé indán do mhuintir an fháinne ár nÉire dílis do tharrtháil babhta so.